Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Meitheamh 2022
(OR. fr)

9526/22
PV CONS 33
AGRI 214
PECHE 183

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

**(Talmhaíocht** agus Iascach**)**

24 Bealtaine 2022

# CLÁR

**Leathanach**


1. Glacadh an chláir oibre ..... 3

2. Formheas na míreanna 'A'
Liosta gníomhaíochtaí neamhreachtacha ..... 3


## Gníomhaíochtaí neamhreachtacha


3. Conclúidí maidir leis an bhfliú éanúil ardphataigineach (HPAI): cur chuige straitéiseach maidir le vacsaíniú a fhorbairt mar uirlis chomhlántach um chosc agus rialú ..... 3

4. An 12ú Comhdháil Aireachta de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála (an Ghinéiv, an 12 go dtí an 15 Meitheamh 2022) ..... 3

5. Staid na margaí talmhaíochta, go háirithe tar éis an ionraidh ar an Úcráin ..... 3


## Aon ghnó eile


6. (a) Imeacht maidir le hardáin le haghaidh faireachas eipidéimeolaíochta (formáid hibrideach, an 22 Márta 2022) ..... 4
(b) Creat nua reachtach de chuid an Aontais le haghaidh liosta dearfach AE maidir le coinneáil peataí ..... 4
(c) Rialuithe sláinte plandaí ar iompórtálacha isteach san Aontas: an gá le córais chosanta éifeachtacha a chur chun feidhme ..... 4
(d) Idirphlé maidir lena bhfuil i ndán do chosaint ithreach san Aontas Eorpach agus lena hacmhainneacht rannchuidiú le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach (an Bhruiséil, an 27 Aibreán 2022) ..... 5
(e) Móin a laghdú i bhfoshraitheanna gairneoireachta ..... 5
(f) Cuntas ó chruinniú na n-airí talmhaíochta G7 (Stuttgart, an 13 agus an 14 Bealtaine 2022) ..... 5
(g) Teachtaireacht maidir le conairí dlúthpháirtíochta idir an tAontas agus an Úcráin ..... 5
(h) Triomach earrach 2022 ..... 5
(i) An staid dheacair ina bhfuil tairbhithe tionscadal arna gcistiú ag CETFT i ngeall ar an méadú mór ar chostais agus ar phraghsanna ábhar ..... 6


***

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 9190/1/22 REV 1 agus chinn sí gur cheart mír 6(c) a phlé i seisiún poiblí i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.

**.2. Formheas na míreanna 'A'**

**Liosta gníomhaíochtaí neamhreachtacha** 9191/22

Ghlac an Chomhairle na míreanna 'A' a liostaítear in 9191/22 lena n-áirítear na doiciméid COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

**3. Conclúidí maidir leis an bhfliú éanúil ardphataigineach (HPAI): cur chuige straitéiseach maidir le vacsaíniú a fhorbairt mar uirlis chomhlántach um chosc agus rialú** [2] 8955/22

*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle na Conclúidí maidir leis an bhfliú éanúil ardphataigineach (HPAI): cur chuige straitéiseach maidir le vacsaíniú a fhorbairt mar uirlis chomhlántach um chosc agus rialú, mar a leagtar amach in 8955/22 é. Thug an Chomhairle dá haire freisin na barúlacha a thug roinnt toscaireachtaí agus an Coimisiún.

4. An 12ú Comhdháil Aireachta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála (An Ghinéiv, an 12 go dtí an 15 Meitheamh 2022) 8928/22

*Faisnéis ón gCoimisiún*
*Malartú tuairimí*

5. Staid na margaí talmhaíochta, go háirithe tar éis an ionraidh ar an Úcráin 9221/22

*Faisnéis ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit*
*Malartú tuairimí*

**Aon ghnó eile**

**6. (a) Imeacht maidir le hardáin le haghaidh faireachas eipidéimeolaíochta (formáid hibrideach, an 22 Márta 2022)** 2 9118/22
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil i ndáil leis an Seimineár maidir le 'Ardáin faireachais eipidéimeolaíochta' an 22 Márta 2022, mar a leagtar amach in 9118/22 í, agus na barúlacha a thug toscaireachtaí áirithe agus an Coimisiún.

**(b) Creat nua reachtach de chuid an Aontais le haghaidh liosta dearfach AE maidir le coinneáil peataí** 2 9127/22
*Faisnéis ó thoscaireacht na Cipire, thar ceann thoscaireachtaí na Cipire, na Liotuáine, Lucsamburg agus Mhálta*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Cipire ar fáil maidir le liosta dearfach AE a bhunú i ndáil le peataí a choinneáil, mar a leagtar amach in 9127/22 í, chomh maith leis na tuairimí a chuir roinnt toscaireachtaí agus an Coimisiún in iúl.

**(c) Rialuithe sláinte plandaí ar iompórtálacha isteach san Aontas: an gá le córais chosanta éifeachtacha a chur chun feidhme** 2 9359/22
*Faisnéis ó thoscaireacht na Spáinne*

Thug an Chomhairle dá haire na barúlacha a thug toscaireacht na Spáinne maidir le rialú sláinte plandaí ar allmhairí isteach san AE agus an gá atá le córais éifeachtacha cosanta a chur chun feidhme mar a leagtar amach in 9359/22 iad. Thug an Chomhairle dá haire freisin na barúlacha a thug toscaireachtaí áirithe agus an Coimisiún.

**(d) Idirphlé maidir lena bhfuil i ndán do chosaint ithreach san Aontas Eorpach agus lena hacmhainneacht rannchuidiú le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach**
**(an Bhruiséil, an 27 Aibreán 2022)** 8747/22
*Faisnéis ó thoscaireacht na Slóvaice*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Slóvaice ar fáil agus barúlacha na dtoscaireachtaí eile agus an Choimisiúin.

**(e) Móin a laghdú i bhfoshraitheanna gairneoireachta** 9219/22
*Faisnéis ó thoscaireacht na Gearmáine*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an tAire ón nGearmáin ar fáil agus na hidirghabhálacha a rinne an Coimisiún agus toscaireachtaí eile.

**(f) Cuntas ó chruinniú na n-airí talmhaíochta G7**
**(Stuttgart, an 13 agus an 14 Bealtaine 2022)** 9224/22
*Faisnéis ó thoscaireacht na Gearmáine*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Gearmáine ar fáil agus an idirghabháil a rinne an Coimisiún agus toscaireacht na hIodáile.

(g) Teachtaireacht maidir le conairí dlúthpháirtíochta idir an tAontas agus an Úcráin 9098/22
*Faisnéis ón gCoimisiún*

(h) Triomach earrach 2022 9268/22
*Faisnéis ó thoscaireacht na Beilge*

**(i) An staid dheacair ina bhfuil tairbhithe tionscadal arna gcistiú ag CETFT i ngeall ar an méadú mór ar chostais agus ar phraghsanna ábhar** [2] 9116/22
*Faisnéis ó thoscaireacht na Rómáine*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Rómáine ar fáil ar bhonn nóta faisnéise 9116/22 maidir leis na deacrachtaí a bhíonn ag tairbhithe CETFT a dtionscadail a thabhairt chun críche de bharr an mhéadaithe ar an bpraghas.

Thug sí dá haire freisin na barúlacha a rinne na toscaireachtaí eile maidir leis an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil, chomh maith leis an bhfreagra ón gCoimisiún.

---

[2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)